# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

2009. S74T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH - ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

Déardaoin, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo: [ ]
2. SCRÍOBH GACH FREAGRA SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. Suim charnach na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Caithfidh an marc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc don Pháipéar' thall. | |

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Móriomlán | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

CAITHFIDH TÚ **DEICH** GCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA N-IARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I MBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1**. I dtraidisiúin reiligiúnacha saghas urnaí is ea 'rinnfheitheamh' a chuimsíonn ________________

______________________________________________________________________________

**2**. Fuair Íosa bás ar cé acu ceann de na laethanta seachtaine seo a leanas ? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Domhnach Cásca ☐ Aoine an Chéasta ☐ Déardaoin Mandála ☐

**3**. Sampla amháin de reiligiún domhanda a bhfuil baint aige le hildiachas ná ____________________

**4**. Cé acu **ceann** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag Mahamad leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**5**. Is ionann muinín agus iontaoibh a bheith agat as fírinne ruda. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**6**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'sainchreideamh' ná _____________________

______________________________________________________________________________

**7.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil baint ag Bráman leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**8**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'gairm' ná glao chun _____________________

______________________________________________________________________________

**9**. Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Tá paidir amháin meaitseáilte leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An Ár nAthair/Paidir Ár dTiarna | An Búdachas |
| An Shahada/Shahadah | An Chríostaíocht |
| An Shema | An Hiondúchas |
| An Paritta | An tIoslamachas |
| An Rig Veda | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | An Ár nAthair/ Paidir ár dTiarna | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**10**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is 'íocón' ann ná ________________________________________

______________________________________________________________________________

**11**. Cleachtas nuabhunaithe is ea traidisiún. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**12**. I dtéarmaí reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'mímhorálta' ná ______________________________

________________________________________________________________________________

**13**. Bíonn gníomhaíochtaí ina dtugtar ómós do Dhia i gceist i gcleachtais chrábhaidh.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**14**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'cré' ná ______________________________

________________________________________________________________________________

**15**. Ba é an gobharnóir Rómhánach sa Phailistín in aimsir Íosa ná Pointias Píoláit.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**16**. Is é an dearcadh atá ag an mbunchreidmheachas ná ______________________________

________________________________________________________________________________

**17**. Is féidir fianaise stairiúil gur mhair Íosa Nazórach a fháil i scríbhinní -

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Hóisé ☐ Íseáia ☐ Tacitus ☐

**18**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'sácráilte' ná ______________________________

________________________________________________________________________________

**19**. Cén reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint ag Abrahám leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**20**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'peaca' ná ______________________________

________________________________________________________________________________

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN DÍOBH. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de dhaoine ag comhroinnt i bpobal creidimh.**



*RexFeatures/SIPA*

**A**. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a léiríonn comhroinnt i measc daoine sa phobal creidimh seo.

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B**. Tabhair sampla **amháin** eile de shlí ar ar féidir comhroinnt i bpobal creidimh a fheiceáil.

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**C**. Luaigh **dhá** chúis go bhfuil comhroinnt tábhachtach do bhaill pobal creidimh.

i. ______________________________


______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Tá an pictiúr seo bunaithe ar espéireas na gcéad Chríostaithe ar an gCincís.**



*masbury.files.wordpress.com*

**A**. Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thaispeánann go bhfuil sé bunaithe ar eispéireas na gcéad Chríostaithe ar an gCincís.

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B**. Bhraith na chéad Chríostaithe eispéireas na Cincíse tar éis bháis Íosa. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (2 mharc)

**C**. Luaigh **dhá** iarmhairt a bhí ag eispéireas na Cincíse ar na luath Chríostaithe.

i. ______________________________


______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 3. Seo grianghraf de dhaoine ag glacadh páirte in oilithreacht reiligiúnach.**



*Ruqaiyyah Waris Maqsood 1993*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thaispeánann go bhfuil na daoine seo ag glacadh páirte in oilithreacht.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

**B.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Búdachas | ☐ | An Hiondúchas | ☐ |
| An tIoslamachas | ☐ | An Giúdachas | ☐ |

Cuir tic ✓le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus ainmnigh ionad oilithreachta a bhfuil baint aige leis.

____________________________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis go nglacfadh baill creidimh dhomhanda páirt in oilithreacht.

i. __________________________________________________________

____________________________________________________________

ii. __________________________________________________________

____________________________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4. Seo grianghraf de bhaill pobal creidimh ag léiriú ómóis ag tuama an Phápa Eoin Pól II.**



*Irish Independent*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a chuireann in iúl go bhfuil ómós á léiriú ag baill an phobal creidimh seo ag an tuama seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **amháin** eile de shlí ar ar féidir le baill pobal creidimh ómós a léiriú.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis gur tábhachtach do bhaill pobal creidimh é ómós a léiriú.

i. __________________________________________________________

____________________________________________________________

ii. __________________________________________________________

____________________________________________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN T-AGALLAMH SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR GACH CEIST A LEANANN É.

| | |
|---|---|
| Jo: | Conas a bhí an saol agat ag fás suas sna 1950idí in Éirinn? |
| Mac Uí Mhurchú: | Bhí cúrsaí an-difriúil i gcomparáid le cúrsaí mar atá siad inniu ar mhórán slite. |
| Jo: | Cad faoi chleachtadh reiligiúnach, an bhfuil mórán d'athrú tagtha air sin ó na 1950idí i leith? |
| Mac Uí Mhurchú: | Tá an chaoi a gcleachtann daoine a reiligiún athraithe go mór. Nuair a bhí mé óg d'fhreastalaíodh daoine ar sheirbhísí reiligiúnacha gach seachtain. I mo theaghlachsa théimis ar Aifreann gach Domhnach. D'éirímis ar fad go luath ar maidin agus chuirimis na héadaí is fearr a bhí againn orainn. Ní chaithimis an bricfeasta mar bhímis inár dtroscadh sula nglacaimis an Chomaoineach Naofa. Chaitheadh mo mháthair agus mo dheirfiúracha scairfeanna i gcónaí ar a gceann nuair a théidís ar sheirbhísí reiligiúnacha. |
| Jo: | An mbainteá taitneamh as dul ar sheirbhísí reiligiúnacha leis an teaghlach agatsa gach seachtain? |
| Mac Uí Mhurchú: | Sea, bhaininn. Bhaininn taitneamh as seal a chaitheamh leis an teaghlach agam féin agus thugadh sé deis dom chomh maith bualadh le mo chairde agus le gach duine sa pharóiste. Níorbh ionann an chaoi a nglacaimis páirt i seirbhísí reiligiúnacha an uair úd. |
| Jo: | Cad iad na difríochtaí a bhí ann? |
| Mac Uí Mhurchú: | I dtosach báire, léití an tAifreann as Laidin, teanga nár thuig mé agus mar is féidir leat a shamhlú, bhí sé an-deacair orm a bheith rannpháirteach ann. Bhíodh a dhroim ag an sagart leis an bpobal agus ní bhíodh an pobal chomh rannpháirteach sna paidreacha i rith an Aifrinn. Ach inniu nuair a théim ar Aifreann bíonn aghaidh an tsagairt orm, labhraíonn sé teanga a thuigim agus is féidir liom a bheith rannpháirteach ann ar shlí níos gníomhaí. |
| Jo: | An dtéann tú ar sheirbhísí reiligiúnacha fós gach seachtain? |
| Mac Uí Mhurchú: | Téim. Creidim go bhfuil sé an-tábhachtach a bheith gníomhach i mo pharóiste agus bainim taitneamh fós as bualadh leis an teaghlach agam féin agus le mo chairde ar sheirbhísí reiligiúnacha. Ar mhí-ádhmharaí an tsaoil, feicim níos lú daoine ar sheirbhísí reiligiúnacha gach seachtain agus cuireann sé seo an-díomá orm. |

**1**. Óna bhfuil léite agat san agallamh thuas tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla d'athruithe i gcleachtadh reiligiúnach atá tarlaithe in Éirinn ó na 1950idí.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(12 mharc)

**2**. Mínigh cúis **amháin** go bhfuil cleachtadh reiligiúnach tábhachtach do dhaoine a bhfuil creideamh reiligiúnach acu.

(15 mharc)

**3**. a. Ábharachas ☐ Iolrachas ☐

Cuir tic ✓le ceann **amháin** díobh seo thuas agus déan cur síos ar a bhfuil i gceist leis.

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar shlí **amháin** ina bhfhéadfadh ábharachas *nó* iolrachas dúshlán creidimh reiligiúnaigh duine a thabhairt.

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

CAITHFIDH TÚ **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Mínigh **dhá** chúis go bhféadfadh an bhaint atá ag duine le pobal creidimh a bheith tábhachtach dó/di.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

b. Cumarsáid ☐ Comhoibriú ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus mínigh cén fáth a mbaineann tábhacht leis do phobal creidimh.

______________________________

(15 mharc)

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'seicteachas' ná ______________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den tslí a bhfuil pobal creidimh ag obair chun an lámh uachtair a fháil ar sheicteachas.

(18 marc)

## Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** a. Ainmnigh parabal **amháin** a d'inis Íosa dá luathlucht leanúna ______________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phointe a mhúin Íosa dá lucht leanúna faoi Ríocht Dé i bparabal a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ainm an pharabail ______________________

i.

ii.

(12 mharc)

**B**. a. Mínigh **dhá** chúis go dtagraítear do na Soiscéil mar dhoiciméid chreidimh.

i.

ii.

(18 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist i **dtrí** chéim éagsúla i bhforbairt na Soiscéal.

i.

ii.

iii.

(15 mharc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Cuir tic le ✓ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

a. Ainmnigh cuid **amháin** den domhan a bhfuil baint aige le scéal bunaithe an mhór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas. ________________________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar an gcaoi ar mhair daoine sa chuid den domhan atá luaite thuas agat ag an am ar cuireadh tús leis an reiligiún domhanda.

(20 marc)

**B.** a. Léigh liosta na dteideal reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáladh teideal reiligiúnach amháin leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Teidil Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Brahmin<br>Raibí<br>Iomám<br>Manach<br>Sagart | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

*Sampla:*

| | |
|---|---|
| Sagart | An Chríostaíocht |

*Freagra:*

| | |
|---|---|
| | |

(5 mharc)



THALL →

b. ● An Búdachas ● An Hiondúchas ● An tIoslamachas ● An Giúdachas

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil struchtúr ar an bpobal i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas.

(20 marc)

**Ceist 4**. **CEIST AN CHREIDIMH**

**A**. ● An Teaghlach ● Cairde ● Na Meáin ● An Scoil

Roghnaigh **trí** cinn díobh seo thuas agus mínigh conas is féidir le gach ceann díobh tionchar a bheith acu ar chreideamh déagóra.

i.

ii.

iii.

(15 mharc)

**B**. a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'aondiachas' ná ___________________

_____________________________________________________________________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi ar féidir aondiachas a fheiceáil i reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

(12 mharc)

**C**. Déan cur síos ar shlí amháin ina bhfhéadfadh daonnachas dúshlán a thabhairt do chreideamh reiligiúnach duine.

(18 marc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. An Búdachas☐ An Chríostaíocht☐ An Hiondúchas☐ An tIoslamachas☐ An Giúdachas☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.
Ainmnigh siombail **amháin** a bhfuil baint aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

______________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar bhrí na siombaile atá ainmnithe agat thuas do bhaill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil baint aige leis.

______________________________

(15 mharc)

c. Mínigh **dhá** chúis a n-úsáideann daoine siombail chun a gcreideamh a léiriú.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(16 mharc)

**B**. Urnaí Phobail ☐ Urnaí Phearsanta ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist leis an gcineál urnaí seo.

(14 mharc)

## CEIST 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A**. a. Is féidir leis an reiligiún tionchar a bheith aige ar dhearcadh duine maidir leis an ní atá ceart nó éigeart i gcás áirithe. Luaigh ní **amháin** eile a mbíonn tionchar aige ar dhearcadh duine maidir leis an gceart agus leis an éigeart. _________________ (5 mharc)

b. An Búdachas☐ An Chríostaíocht☐ An Hiondúchas☐ An tIoslamachas☐ An Giúdachas☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. Déan cur síos ar shampla **amháin** den obair ar son an chirt *nó* na síochána atá á déanamh ag baill reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(10 marc)

c. Mínigh **dhá** chúis a n-oibreodh baill reiligiúin dhomhanda ar son an chirt *nó* na síochána.

i.

ii. ______________________________________________________________

(10 marc)

**B**. a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí le 'maoirseacht' ná ______________________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** de mhaoirseacht i bpobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

(10 marc)

c. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht le maoirseacht do phobal creidimh.

i. ______________________________________________________________

ii. ______________________________________________________________

(10 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

CAITHFIDH TÚ CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1**.

Déan próifíl de phobal creidimh **amháin** in Éirinn an lae inniu a bhfuil staidéar déanta agat air, ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:

i. Fís Ionspioráideach.

ii. Ministreacht.

**Ceist 2**.

Déan cur síos ar an saol sa Phailistín in aimsir Íosa ag tagairt do gach ceann díobh seo a leanas:

i. Na struchtúir pholaitiúla.

ii. Na struchtúir reiligiúnacha.

**Ceist 3**.

◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

Pléigh tábhacht téacs dhiaga i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Ceist 4**.

Scrúdaigh an chaoi a bhféadfadh gach ceann díobh seo a leanas dúshlán creidimh reiligiúnaigh duine a thabhairt:

i. Agnóiseachas.

ii. Aindiachas.

**Ceist 5**.

*San adhradh léiríonn daoine uaireanta eispéireas na rúindiamhaire a bhíonn acu sa saol.*

i. Scrúdaigh an chaoi a bhféadfadh cúinse **áirithe** sa saol a bheith ina eispéireas rúndiamhaire do dhuine.

ii. Déan cur síos ar shampla **amháin** den adhradh agus mínigh conas a thugann sé deis don duine eispéireas na rúndiamhaire a léiriú sa saol.

**Ceist 6**.

Déan anailís ar na slite ar a gcuireann cód morálta reiligiúnach prionsabail chreidimh reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air, in iúl.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO DTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE
ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist __

(70 marc)

Leathanach Bán